www.mic.ie

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

## 2017 - 2018



MIC
MARY IMMACULATE COLLEGE
COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL

MIC

MARY IMMACULATE COLLEGE
COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL

# CLÁR ÁBHAR


| | |
|---|---|
| RÉAMHRÁ | 2 |
| RIALACHAS | 6 |
| TÍRDHREACH SEACHTRACH | 8 |
| FORBAIRT AN CHAMPAIS | 9 |
| CLÁIR | 11 |
| TIONSCADAIL AGUS | |
| GNÍOMHAÍOCHTAÍ GRADAIM | 12 |
| AGUS ÉACHTAÍ | 14 |
| FORBAIRT NA hOIBRE IDIRNÁISIÚNTA | 19 |
| COMHDHÁLACHA AGUS SEIMINEÁIR | 21 |
| RANNPHÁIRTÍOCHT PHOBAIL AGUS CULTÚR | 24 |
| SPÓRT | 27 |
| UIMHREACH BRONNTA CÉIME | 29 |
| 2017 ÚSÁID FUINNIMH | 30 |

# Réamhrá

Fáilte go Tuarascáil Bhliantúil 2017-2018 do Choláiste Mhuire gan Smál.

Le linn na bliana acadúla seo, bhí CMGS faoi cheannas an Ollaimh Eugene Wall, a bhí ag feidhmiú mar Uachtarán Gníomhach ó mhí Eanáir 2017 go dtí gur cheap na hIontaobhaithe mar Uachtarán é i mBealtaine 2018, mar thoradh ar chomórtas oscailte don phost. Sa tuarascáil seo tá sonraí faoi ócáidí iomráiteacha (fóraim, siompóisiamaí agus comhdhálacha) a reáchtáladh le linn na tréimhse seo, agus chuir gach ceann acu le fís CMGS mar institiúid a chuireann deiseanna foghlama agus taighde ardleibhéil ar fáil atá ar ardchaighdeán. Chuir na himeachtaí seo lenár gcuspóir go n-aithneofar sinn agus go léireofar meas orainn as ucht an méid atá déanta againn chun cur le contanam an tsoláthair acadúil i gcomhoibriú éifeachtach agus táirgiúil lenár gcomhpháirtithe san Earnáil Ardoideachais. Tá tuilleadh faisnéise faoina hócáidí thuasluaite le fáil sa tuarascáil seo. Tá súil againn go gceapfaidh tú go bhfuil ábhar na tuarascála suimiúil agus faisnéiseach.

Oifig an Uachtaráin, Coláiste

Mhuire gan Smál

Déantar an tuarascáil a aistriú de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) tar éis don Údarás Rialaithe í a fhaomhadh.



# Réamhrá


Fáilte go Tuarascáil Bhliantúil 2017-2018 do Choláiste Mhuire gan Smál.

Le linn na bliana acadúla seo, bhí CMGS faoi cheannas an Ollaimh Eugene Wall, a bhí ag feidhmiú mar Uachtarán Gníomhach ó mhí Eanáir 2017 go dtí gur cheap na hIontaobhaithe mar Uachtarán é i mBealtaine 2018, mar thoradh ar chomórtas oscailte don phost. Sa tuarascáil seo tá sonraí faoi ócáidí iomráiteacha (fóraim, siompóisiamaí agus comhdhálacha) a reáchtáladh le linn na tréimhse seo, agus chuir gach ceann acu le fís CMGS mar institiúid a chuireann deiseanna foghlama agus taighde ardleibhéil ar fáil atá ar ardchaighdeán. Chuir na himeachtaí seo lenár gcuspóir go n-aithneofar sinn agus go léireofar meas orainn as ucht an méid atá déanta againn chun cur le contanam an tsoláthair acadúil i gcomhoibriú éifeachtach agus táirgiúil lenár gcomhpháirtithe san Earnáil Ardoideachais. Tá tuilleadh faisnéise faoina hócáidí thuasluaite le fáil sa tuarascáil seo. Tá súil againn go gceapfaidh tú go bhfuil ábhar na tuarascála suimiúil agus faisnéiseach.

Oifig an Uachtaráin, Coláiste

Mhuire gan Smál

Déantar an tuarascáil a aistriú de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) tar éis don Údarás Rialaithe í a fhaomhadh.





# RIALACHAS



**IONTAOBHAITHE**

Is iad seo a leanas na hIontaobhaithe don tréimhse seo:

- An Sár-Oirmhinneach Brendan Leahy (Cathaoirleach)
- An Dr Áine Lawlor
- An Ró-Oirmhinneach, an tAth Tony Mullins
- Richard Leonard
- An Dr Marie Griffin
- An Sr Cait O'Dwyer
- Maedhbh Uí Chiagáin
- An Sár-Oirmhinneach Kieran O'Reilly
- An Sár-Oirmhinneach Raymond Browne
- Sean Burke

Tháinig na hIontaobhaithe le chéile ar na dátaí seo a leanas:

- 7 Samhain 2017
- 23 Eanáir 2018
- 24 Aibreán 2018
- 14 Bealtaine 2018
- 3 Iúil 2018

**AN tUDARÁS RIALAITHE**

Ba iad seo a leanas ballraíocht an Údaráis Rialaithe don tréimhse seo:

- An Sár-Oirmhinneach Brendan Leahy (Cathaoirleach)
- An Dr Áine Lawlor, (Leas-Chathaoirleach), Ainmní na nIontaobhaithe
- An tOllamh Eugene Wall, Uachtarán Gníomhach/Uachtarán ceaptha Bealtaine 2018
- An Dr Eugene O'Brien, Leas-Uachtarán ar Ghnóthaí Acadúla (Gníomhach)
- Michael Keane, Leas-Uachtarán ar Chúrsaí Riaracháin & Airgeadais
- Catherine Kelly, ainmnithe ag Siúracha na Trócaire
- Fachtna O' Driscoll, ainmnithe ag na hIontaobhaithe
- Seán McMahon, Ionadaí Alumni
- Declan Madden, ainmnithe ag na hIontaobhaithe
- An Sr Michele O'Kelly, ainmnithe ag Siúracha na Trócaire
- An Dr Nicholas O'Brien, ainmnithe ag na hIontaobhaithe
- Caitriona Breathnach, ainmní na Seirbhísí Gairmiúla
- Eamon Stack, ainmnithe ag na hIontaobhaithe
- Conn Murray, ainmnithe ag na hIontaobhaithe
- An Ró-Oirmhinneach, an tAth Tony Mullins, ainmnithe ag na hIontaobhaithe
- Lee Dillon, Uachtarán Aontas na Mac Léinn CMGS
- Billy Hedigan, Leas-Uachtarán Aontas na Mac Léinn CMGS
- An Breitheamh Tom O'Donnell, Rialtóir Neamhspleách Sinsearach, ainmnithe ag na hIontaobhaithe

Tháinig an tÚdarás Rialaithe le chéile ar na dátaí seo a leanas:

- 11 Deireadh Fómhair 2017
- 13 Nollaig 2017
- 27 Márta 2018
- 16 Bealtaine 2018
- 20 Meitheamh 2018

**AN FOIREANN FHEIDHMEANNACH**

Feidhmíonn an Fhoireann Fheidhmeannach mar ghrúpa comhairleach don Uachtarán maidir le bainistíocht laethúil an Choláiste. Tá baill de ghrúpa ardbhainistíochta an Choláiste, arna gceapadh go díreach ag an Uachtarán, ar an bhFoireann Fheidhmeannach.

Ballraíocht

- An tOllamh Eugene Wall, Uachtarán Gníomhach/Uachtarán
- Michael Keane, Leas-Uachtarán ar Chúrsaí Riaracháin agus Airgeadais
- An Dr Eugene O'Brien, Leas-Uachtarán ar Ghnóthaí Acadúla (Gníomhach)
- An tOll. Gary O'Brien, Leas-Uachtarán Comhlach ar Chúrsaí Riaracháin
- An tOll. Micheál Healy, Leas-Uachtarán Comhlach Taighde
- An Dr Angela Canny, Déan an Oideachais (Gníomhach)
- An tOll. Michael Breen, Déan na nDán

Tháinig an Fhoireann Fheidhmeannach le chéile ar na dátaí seo a leanas:

- 8 Meán Fómhair 2017
- 2 Deireadh Fómhair 2017
- 19 Deireadh Fómhair 2017
- 9 Samhain 2017
- 10 Samhain 2017
- 7 Nollaig 2017
- 12 Nollaig 2017
- 11 Eanáir 2018
- 31 Eanáir 2018



Clár an Bhaitsiléara Oideachais

- 7 Márta 2018
- 19 Aibreán 2018
- 8 Bealtaine 2018
- 7 Meitheamh 2018
- 18 Meitheamh 2018

**AN CHOMHAIRLE ACADÚIL**

Ba iad seo a leanas ballraíocht na Comhairle Acadúla don Bhliain Acadúil 2017/2018;

- An tOllamh Eugene Wall, Uachtarán Gníomhach/Uachtarán
- An tOll. Eugene O'Brien, Leas-Uachtarán ar Ghnóthaí Acadúla (Gníomhach)
- An tOll. Gary O'Brien, Leas-Uachtarán Comhlach ar Chúrsaí Riaracháin
- An tOll. Micheál Healy, Leas-Uachtarán Comhlach Taighde
- An Dr Angela Canny, Déan an Oideachais (Gníomhach)
- An tOll. Michael Breen, Déan na nDán
- An Dr Liam Chambers, Ceann Roinn na Staire
- An Dr Emer Ring, Ceann Roinn na hOideolaíochta Machnamhaí agus Seirbhísí Luath-Óige
- Eucharia McCarthy, Stiúrthóir an Aonaid Forbartha Curaclaim
- An Dr Carol O'Sullivan, Ceann Roinn na Foghlama, na Sochaí agus an Oideachais Reiligiúnaigh
- Lee Dillon, Uachtarán Aontas na Mac Léinn CMGS
- Billy Hedigan, Leas-Uachtarán Aontas na Mac Léinn CMGS
- Des Carswell, Léachtóir, an Oideolaíocht Mhachnamhach agus Seirbhísí Luath-Óige
- An tOll. Jim Deegan, Ceann na Scoile Iarchéime
- An Dr Loic Guyon, Ceann Roinn na Fraincise
- An Dr Finn Ó Murchú, Ceann na Scoile Oideachais, CMGS Dhurlais
- Máire Ní Neachtain, Ceann Roinn na Gaeilge
- An Dr Kerry Greer, Ceann Roinn na Síceolaíochta (Gníomhach) (Meán Fómhair 2017 - Feabhra 2018)
- An Dr Geraldine Brosnan, Stiúrthóir Shaol na Mac Léinn
- An Dr Christiane Schönfeld, Ceann Roinn an Léinn Ghearmánaigh
- An Dr Patrick Connolly, Cláraitheoir Cúnta
- Áine Finucane, Leabharlannaí (Gníomhach)
- An Dr John O'Shea, Comhordaitheoir Cúrsa,

- Diarmuid Ó Drisceoil, Ceann Roinn na Matamaitice agus an Staidéir Ríomhaireachta
- Marie Ryan, Comhordaitheoir Cúrsa, B. Oid. san Oideachas agus sa tSíceolaíocht
- An Dr Niall Keane, Ceann Roinn na Fealsúnachta
- An Dr Rosemary Day, Ceann Roinn Staidéar na Meán agus na Cumarsáide
- Seán de Brún, Ceann Roinn an Oideachais Teanga agus an Oideachais Litearthachta
- An Dr Cathal de Paor, Stiúrthóir na Forbartha Leanúnaí & Gairmiúla
- An tOll. Eamonn Conway, Ceann Roinn na Diagachta agus an Staidéir Reiligiúnaigh
- An tOll. Des McCafferty, Ceann Roinn na Tíreolaíochta
- An Dr Gwen Moore, Stiúrthoir an Teagaisc agus na Foghlama
- An Dr Deirdre Ní Chróinín, Ceann Roinn an Oideachais Ealaíon agus an Chorpoideachais
- David Loughnane, Ionadaí Iarchéime CMGS
- An Dr Neil Ó Conaill, Stiúrthóir na Socrúchán Scoile
- An Dr Aisling Leavy, Ceann na Roinne ETIM
- An Dr Gareth Cox, Ceann Roinn an Cheoil
- An Dr Michael Finneran, Ceann Roinne um Léann na Drámaíochta agus na hAmharclannaíochta
- An Dr Stella Long, Ceann Roinne, EIPSE (Gníomhach)
- An Dr Deirdre Ryan, Stiúrthóir Cáilíochta
- An Dr Lisha O'Sullivan, Ceann Roinn na hOideolaíochta Machnamhaí agus Staidéar na Seirbhísí Luath-Óige (Gníomhach)
- An Dr Eoin Flannery, Ceann Roinne an Bhéarla agus na Litríochta (Gníomhach)
- An Dr John Perry, Ceann Roinn na Síceolaíochta (Ceaptha Eanáir 2018)
- Paula Hourigan, Riarthóir Acadúil Sinsearach, CMGS Dhurlais

Tháinig an Chomhairle Acadúil le chéile ar na dátaí seo a leanas:

- 20 Meán Fómhair 2017
- 15 Samhain 2017
- 24 Eanáir 2018
- 21 Márta 2018
- 8 Meitheamh 2018

# TÍRDHREACH SEACHTRACH

## AN tÚDARÁS UM ARD-OIDEACHAS - COMHPHLÉ STRAITÉISEACH

Bhí cruinniú déthaobhach bliantúil CMGS/HEA ar siúl ar an 7 Meán Fómhair 2017 in Oifigí an Údaráis um Ard-Oideachas i mBaile Átha Cliath chun plé a dhéanamh ar fheidhmíocht CMGS faoin bpróiseas um Thimthriall 4 den Idirphlé Straitéiseach. Bhí toradh dearfach ar an gcruinniú.

## SAHLBERG II – ATHBHREITHNIÚ AR STRUCHTÚR NA hOILIÚNA TOSAIGH MÚINTEOIRÍ IN ÉIRINN

Sa bhliain 2012, cheap an tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO) painéal idirnáisiúnta saineolaithe oiliúna múinteoirí chun athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr na hOiliúna Tosaigh Múinteoirí in Éirinn. Moladh i dTuarascáil an Phainéil Athbhreithnithe Idirnáisiúnta ar Struchtúr na hOiliúna Tosaigh Múinteoirí in Éirinn (ar a dtugtar tuarascáil Sahlberg) aistriú i soláthar oiliúna múinteoirí ó 19 n-institiúid go sé “ionad nua oiliúna múinteoirí”. Chiallaigh na comhoibrithe nua a mhol an painéal idirnáisiúnta go mbeadh líon níos lú ionad ann d’oiliúint múinteoirí ann, ach go gcuirfeadh gach ionad oiliúint ar fáil ar fud chontanam na hoiliúna múinteoirí - ón luath-óige go dtí an bhunscoil, go dtí an iar-bhunscoil go dtí an t-oideachas aosach.

Sa bhliain 2014, bhunaigh CMGS agus OL an Institiúid Náisiúnta um Staidéir san Oideachas (NISE) agus ghlac Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh (LIT) ról laistigh de struchtúr na hInstitiúide i dtéarmaí a sholáthair uathúil den Oideachas Ealaíne agus Deartha. Bhí NISE ag iarraidh comhoibriú níos dlúithe a chothú idir institiúidí Chuibhreannas Shionainne i gcomhthéacs sonrach an Staidéir Oideachais. Ba iad príomhchuspóirí NISE oiliúint múinteoirí a lonnú laistigh de shuíomhanna ollscoile; tús áite a thabhairt do theagasc atá bunaithe ar thaighde; agus an comhordú is fearr a chinntiú i soláthar clár.


I mí Dheireadh Fómhair 2017, d’fhógair an ÚAO go ndéanfadh foireann athbhreithnithe measúnú ar an dul chun cinn a rinneadh ó foilsíodh Tuarascáil Sahlberg go luath in 2018.

Ar an 1 Bealtaine 2018, thug Foireann Athbhreithnithe Sahlberg II, ar a raibh an tOll. Pasi Sahlberg, oideachasóir Fionlannach agus Ollamh le Beartas Oideachais agus Leas-Stiúrthóir Institiúid Gonski in Ollscoil New South Wales i Sydney, san Astráil, an tOll. Áine Hyland, Ollamh Emeritus le hOideachas agus iar-Leas-Uachtarán Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus Valerie Harvey agus Sarah Fitzgerald ón ÚAO, thug siad cuairt ar CMGS mar chuid den chuairt suímh ar NISE faoi choimirce Chnuasach Réigiúnach an Iarthair Láir / Chuibhreannas Shionainne.

## BRAISLE RÉIGIÚNACH AN IARTHAIR LÁIR / CUIBHREANNAS SHIONAINNE

Lean Grúpa Stiúrtha Chuibhreannas Shionainne (SCSG), comhdhéanta d’Uachtaráin CMGS, OL agus Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, faoi chathaoirleacht Tim O’Connor, lean sé ag teacht le chéile chun plé a dhéanamh ar obair ar roinnt príomhréimsí agus réimsí láithreacha comhoibrithe, lena n-áirítear an comh-BA, forbairt NISE, cruthú Scoil Iarchéime Chónaidhme, agus pleanáil acadúil réigiúnach.

# FORBAIRT AN CHAMPAIS



## LEABHARLANN

Agus cead pleanála iomlán deonaithe, agus foireann Deartha ar fáil chun an obair deartha a atosú agus dul ar aghaidh go dtí céim na tairisceana, bhí an Coláiste ag fanacht le ceadú ón ÚAO maidir le maoiniú don tionscadal Leabharlainne.

## CMGS DHURLAIS

Críochnaíodh mórthionscadal uasghrádaithe sábháilteachta dóiteáin ag campas CMGS Dhurlais i rith mhíonna an tsamhraidh chun an foirgneamh a thabhairt a fhad leis an gcaighdeán cuí maidir le sábháilteacht dóiteáin.



# Cláir

**MA san ETIM**

Chuir an MA san ETIM fáilte roimh a chéad chohórt mac léinn chuig CMGS i Meán Fómhair 2017. Sa chlár céime iarchéime idirdhisciplíneach ETIM seo, bíonn mic léinn páirteach i ngníomhaíocht léannta a bhaineann le saincheisteanna, teoiricí agus cleachtais reatha in oideachas ETIM.



# Tionscadail agus Gníomhaíochtaí



Sa phictiúr (ó chlé) ag an searmanas seolta tá an Dr Maura Cronin, an Dr Clodagh Tait agus an Dr Liam Chambers, baill uile de Roinn Staire CMGS

**LÉACHTÓIRÍ CMGS INA bPRÍOMH-RANNPHÁIRTITHE I SUIRBHÉ MÓR AR STAIR NA hÉIREANN**

Chuir triúr léachtóirí staire ó CMGS, an Dr Liam Chambers, an Dr Maura Cronin agus an Dr Clodagh Tait, caibidlí le *Cambridge History of Ireland*, a ndearna Thomas Bartlett eagarthóireacht air agus a scríobh foireann de bhreis is 100 staraí ceannródaíoch ó gach cearn den domhan.



Sa phictiúr ag seoladh na Roinne ETIM: An Dr Aisling Leavy, Ceann na Roinne ETIM, an tOllamh Eugene Wall, Uachtarán CMGS, ag baint taitneamh as roinnt gníomhaíochtaí ETIM le páistí ó Scoil Phóil Naofa, Tuar an Daill, Luimneach.

**SEACHTAIN NÁISIÚNTA NA hEOLAÍOCHTA 2017**

Mar chuid de Sheachtain Náisiúnta na hEolaíochta (12-19 Samhain 2017), sheol CMGS roinn nua go hoifigiúil dar teideal Roinn ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Oideachas agus Matamaitic). Tháinig an t-athrú nua seo ag am spreagúil i dtírdhreach an oideachais in Éirinn i ndiaidh sheoladh Ráiteas Beartais Oideachais 2017 – 2026 de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna.

**AONACH EOLAÍOCHTA BUNSCOILE RDS 2018**

D'óstáil CMGS breis is 3,000 páiste bunscoile ó 120 scoil a chuir a gcuid tionscadal ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic) ar taispeáint le linn Aonach Eolaíochta Bunscoile RDS a bhí ar siúl ag CMGS ón 18-20 Eanáir 2018. Mar aon leis na taispeántais, eagraíodh clár gníomhaíochtaí ETIM lena n-áirítear seónna agus ceardlanna idirghníomhacha do scoileanna agus don phobal i gcoitinne, agus thug 6,000 cuairteoir cuairt ar CMGS thar na trí lá.







**LEAGUE OF LEGENDS**

Bhí comórtas sacair bliantúil TED, League of Legends, ar siúl Déardaoin an 17 Bealtaine 2018, agus ghlac breis is 140 páiste ó scoileanna PLUS páirt san ócáid.



**TÚS MAITH**

Clár píolótach nuálach ab ea Tús Maith arna mhaoiniú ag an Údarás um Ard-Oideachas, a dhírigh ar dhaoine ó chúlraí múinteoireachta neamhthraidisiúnta a spreagadh chun an mhúinteoireacht a roghnú mar chonair ghairme.

Chríochnaigh 38 scoláire Céad Bhliana ó 8 n-iar-bhunscoil i Luimneach clár samhraidh dhá sheachtain i gColáiste Mhuire gan Smál i mí an Mheithimh 2018, clár inar bhain siad taitneamh as teagasc agus as go leor gníomhaíochtaí spraíúla as Gaeilge d'fhonn grá don teanga a chothú iontu, rud a chuirfeadh ar a gcumas í a labhairt le muinín.

# Gradaim agus Éachtaí



Sa phictiúr ag searmanais bhronnta CMGS bhí: An tOll. Jim Deegan, Ceann na Scoile Iarchéime, CMGS; an Dr John McGrath (Stair); an Dr Martina O'Toole agus an Dr Orla Slattery, (Fealsúnacht araon); an Dr John Harnett (Béarla); An tOllamh Eugene Wall, Uachtarán; an Dr Julie McGrath (Stair); an Dr Darren Barry (Tíreolaíocht); an Dr Rosemarie Martin, an Dr Caroline McGarry agus an Dr Liam Clohessy (Oideachas) agus an tOll. Michael Healy, Leas-Uachtarán Comhlach ar Chúrsaí Taighde, CMGS.

**SEARMANAIS BHRONNTA**

Bhí Searmanais Bhronnta bhliantúla CMGS ar siúl Déardaoin, Dé hAoine agus Dé Sathairn an 26–28 Deireadh Fómhair 2017 nuair a bronnadh céimeanna acadúla agus gradaim eile ar nach mór 2,000 céimí ó gach cearn den domhan ag na searmanais bhronnta is mó riamh de chuid CMGS.

Tharla go leor rudaí den chéad uair ag an ócáid trí lá, ina measc an chéad chohórt mac léinn a bhain céim amach ón gclár Ceannaireachta um Chuimsiú sna Luathbhlianta (LINC), i gcomhpháirtíocht le Luath-óige Éireann agus Ollscoil Mhá Nuad; agus an chéad chohórt a bhain céim amach ón Teastas Iarchéime i Staidéar Uathachais (i gcomhpháirtíocht le hIonad Uathachais Middletown, Tuaisceart Éireann).

Bronnadh céimeanna ar chúigear céimithe ón gclár Teastas san Fhoghlaim Ghinearálta agus san Fhorbairt Phearsanta (CGLPD) ag searmanas bronnta céimeanna CMGS i mí Dheireadh Fómhair 2017.

**GRADAM AS ÉACHTAÍ**

Bronnadh Gradam Éachta 2017 ar Amy O'Donoghue, as Cuanach, Luimneach, mar aitheantas ar a sármhaitheas i spóirt raoin is faiche. Tá Amy, céimí B Oid. (Bunmhúinteoireacht), ar dhuine de na hÉireannaigh is mór a bhfuiltear ag súil go n-éireoidh leo sa Lúthchleasaíocht. Tar éis tréimhse rathúil faoi aois agus scoile, tá an reathaí meánraoin tar éis leanúint lena dul chun cinn i dtreo an ratha. Ag rith ar son OL, bhuaigh an mac léinn de chuid Choláiste Mhuire Gan Smál teideal náisiúnta 1500m IUAA faoi dhó (in 2015 agus 2017), agus bhain sé curiarracht amach an dá bhabhta. Tar éis di a bheith i réim ar an rith meánraoin ag na Craobhchomórtais Náisiúnta Faoi 23 ar feadh trí bliana in 2014, 2015 agus 2016, tá sí chomh hiomaíoch agus a bhí sí riamh agus í ag bogadh isteach sna comórtais shinsearacha. Sa bhliain 2016 bhuaigh sí bonn cré-umha ag Craobhchomórtais Shinsearacha Náisiúnta Faoi Dhíon agus fuair sí bonn airgid ag na Craobhchomórtais Shinsearacha i mbliana. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, tá sí tar éis ionadaíocht a dhéanamh ar



Ollscoileanna na hÉireann i gCraobhchomórtais Idirnáisiúnta Cheilteacha Raoin is Faiche. Ghlac sí páirt ar son na hÉireann ag leibhéal Faoi-23 i gCraobhchomórtais Trastíre na hEorpa in 2016.



Na cúigear céimithe den Teastas san Fhoghlaim Ghinearálta agus san Fhorbairt Phearsanta (CGLPD). Tá siad sa phictiúr thíos leis an Dr Orla Slattery. Ba é George Redmond, Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir (lár an ghrianghraif) a bhronn a ngradaim orthu.



An Dr Geraldine Cotter

**FUAIR AN DR GERALDINE COTTER GRADAM MÓRGlór AS AN MÉID A CHUIR SÍ LEIS AN gCEOL TRAIDISIÚNTA I gCONTAE AN CHLÁIR.**

Bronnadh Gradam MÓRGlór 2017 ar an Dr Geraldine Cotter, léachtóir le ceol in CMGS. Ainmníodh an gradam mór le rá seo i ndiaidh Mhuiris Uí Rócháin, duine de bhunaitheoirí agus Stiúrthóir Scoil Samhraidh Willie Clancy le fada an lá. Urraithe ag Glór, bronntar é gach bliain ar dhuine a chuir go mór le ceol traidisiúnta na hÉireann.



Sa phictiúr thuas (ó chlé) tá an tOll. Michael Healy, Leas-Uachtarán Comhlach ar Chúrsaí Taighde, CMGS agus Seaghan Mac an tSionnaigh, Mac Léinn Dochtúireachta CMGS agus faighteoir Ghradam Fulbright 2017.

**BRONNADH SCOLÁIREACHT MÓR LE RÁ FULBRIGHT AR MHAC LÉINN DOCHTÚIREACHTA CMGS**

I bhfómhar na bliana 2017, d'fhógair an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála Charlie Flanagan TD agus Reece Smyth, Chargé d'affaires Ambasáid na Stát Aontaithe in Éirinn, 38 Dámhachtaí nua Fulbright Éireannach, ina measc Seaghan Mac an tSionnaigh, iarrthóir PhD in CMGS.

**SEARMANAS GRADAM CMGS 2017**

Ar an 21 Samhain 2017, bhí céad Searmanas Gradam na Mac Léinn ar siúl. Ag an searmanas seo, tugadh aitheantas do bhreis is 100 mac léinn agus céimí ó CMGS as a ngnóthachtálacha acadúla agus as a ngnóthachtálacha suntasacha eile.

Bronnadh breis is €100,000 i bhfoirm scoláireachtaí agus sparánachtaí, rud a chuirfidh tuilleadh le staidéar na bhfaighteoirí in CMGS. I measc na ngradam a bronnadh ar an oíche bhí 50 Scoláireacht Iontrála Fochéime do mhic léinn ar gach ceann de na naoi gclár fochéime de chuid CMGS. Bronnadh na scoláireachtaí ar mhic léinn CMGS a fuair na pointí CAO ab airde in 2017.



Sa phictiúr seo tá Annie Brown ón Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí, a fuair Scoláireacht Iontrála Fochéime don BA i Staidéar Amharclannaíochta Comhaimseartha agus Feidhmeach in CMGS, in éineacht leis an Ollamh Eugene Wall, Uachtarán.

Ag an ócáid, bhronn Páidí Ó Lionáird, Cathaoirleach Fhondúireacht CMGS Sparánachtaí Fhondúireacht CMGS, ar luach €1,250, ar na faighteoirí.



Sa phictiúr tá Páidí Ó Lionáird agus Ciara Daly as Cathair Saidhbhín, Co. Chiarraí.



Sa phictiúr rá Páidí Ó Lionáird agus Keith Ryan as Craobh Chomhartha, Co. Luimnigh.

# Gradaim agus Éachtaí

Gradam nua ar an oíche ab ea Gradam Cuimhneacháin John Hayden, i gcuimhne ar John Loftus Hayden a bhí ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar ÚAO ó 1983-2003, tréimhse dhianghníomhaíochta san ardoideachas in Éirinn. Tar éis dó dul ar scor in 2003, rinneadh Gobharnóir Choláiste Mhuire gan Smál de in 2004 agus bhí sé ar an Údarás Rialaithe go dtí 2013. Ceapadh John ar Bhord Iontaobhaithe CMGS i Meán Fómhair 2013 agus, ar an drochuair, cailleadh é i mí an Mheithimh 2015. Bronnadh an gradam, ar fiú €1,000 é, ar na comhfhaighteoirí, Áine Stafford ó Chluain Meala, Co. Thiobraid Árann agus Rachel Dunne ó Dhún Mór, Co. na Gaillimhe, a measadh a bheith tar éis an méid ba shuntasaí a chuir leis an tsochaí trína rannpháirtíocht i dtionscnaimh oibre deonaí.



Sa phictiúr: Gemma Hayden le hÁine Stafford ó Chluain Meala, Co. Thiobraid Árann.

Ag an ócáid, bhronn CLG naoi nDámhachtain Sparánachta CLG, €750 an ceann, mar aitheantas ar éachtaí spóirt mac léinn. Ba é Liam Lenihan, Leas-Chathaoirleach Chomhairle na Mumhan a bhronn na dámhachtainí.



Sa phictiúr tá Liam Lenihan ó CLG Mumhan le hÉamonn Foudy ó Eidhneach, Co. an Chláir, duine de bhuaiteoirí Dhámhachtain Sparánachta CLG.



Sa phictiúr: Gemma Hayden le Rachel Dunne ó Dhún Mór, Co. na Gaillimhe.

Bronnadh céad Ghradam Alumna na Bliana de chuid CMGS ar an Dr Carmel Naughton mar aitheantas ar an méid a chuir sí leis an tsochaí. Céimí de chuid CMGS is ea an Dr Naughton agus bhí sí ina Cathaoirleach ar Bhord Chomhoibriú Éireann roimhe seo. In éineacht lena fear céile, Martin Naughton – bunaitheoir Glen Dimplex Ireland, tá Carmel ina tacadóir leanúnach ar son chur chun cinn deiseanna oideachais, go háirithe sna healaíona, chomh maith le disciplíní na heolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice áit a bhfuil an lánúin ag cur chun cinn go gníomhach sármhaitheas i staidéar teicneolaíocha ar ardleibhéal in Éirinn trí Fhondúireacht Naughton, a bhunaigh siad in 1994. Sa bhliain 2016, d'ainmnigh Fondúireacht Phobail na hÉireann an lánúin mar Dhaonchairde Náisiúnta na Bliana as a gcuid oibre i bhFondúireacht Naughton.



Sa phictiúr seo tá an Dr Carmel Naughton leis an Ollamh Eugene Wall.

**BHUAIGH MAC LÉINN CMGS GRADAM MÓR LE RÁ AS CLÁR FAISNÉISE RAIDIÓ**

Mac léinn CMGS Jason Murphy, ar bronnadh gradam ar a chlár faisnéise RTÉ Raidió 1 Documentary on One, *No Time to Lose*, ag gradaim Prix Italia International Media i Milano.

Ba é an clár faisnéise buaiteoir foriomlán chatagóir na gClár Faisnéise Raidió agus insíodh ann scéal Katie Cooke, bean a raibh titimeas uirthi, agus í ag ullmhú do Leathmharatón Chathair Bhaile Átha Cliath thar thréimhse trí mhí. Bhuaigh an clár faisnéise Gradam Óir freisin sa chatagóir Clár Faisnéise/Gnéchlár ag searmanas Ghradaim Raidió IMRO a tionóladh ar an 24 Samhain 2017. Ag an searmanas bronnta céanna, bronnadh an gradam don ghnéchlár is fearr don Pat Kenny Show ar Newstalk ar an mac léinn Síofra Mulqueen, atá sa cheathrú bliain i Léann na Meán agus na Cumarsáide. D'oibrigh Síofra le Newstalk agus le Raidió Chiarraí ar shocrúcháin ina tríú bliain in CMGS.




Sa Phictiúr, ó chlé: Tim Desmond, Léiritheoir RTÉ Raidió 1; Jason Murphy, CMGS agus Léiritheoir *No Time To Lose*; Ann Marie Power, Eagarthóir, RTÉ Raidió 1; Noel Curran Ard-Stiúrthóir Aontas Craolacháin na hEorpa.

**GRADAM NÁISIÚNTA BRONNTA AR MHAC LÉINN CMGS I gCOMÓRTAS HOT PRESS**

Bronnadh gradam náisiúnta i gcomórtas gearrscéalta 'Write Here Write Now' de chuid Hot Press Magazine agus Éire Ildánach ar an mac léinn BA in CMGS, Jason Reddan as Cill Liaile i Luimneach. Bhronn Uachtarán na hÉireann, Mícheál D. Ó hUiginn, an gradam ar an mac léinn Meán & Cumarsáide agus Béarla ag searmanas i mBaile Átha Cliath ar an 28 Bealtaine 2018.




Thuas: Jason Reddan, Mac Léinn CMGS, an tUachtarán Mícheál D. Ó hUiginn agus Eagarthóir Hot Press Magazine, Niall Stokes.

**SCOLÁIREACHT IARCHÉIME RIALTAS NA hÉIREANN DEN CHOMHAIRLE UM THAIGHDE IN ÉIRINN**

Bronnadh Scoláireacht Iarchéime Rialtas na hÉireann ón gComhairle um Thaighde in Éirinn ar Myron Schneider (Taighdeoir Iarchéime sa Léann Gearmánach) faoi mhaoirseacht an Dr Sabine Egger, as a thionscadal PhD ar shaothar an scríbhneora Ghearmánaigh chomhaimseartha, Rainald Goetz. Bhí Myron ar dhuine de dheichniúr iarratasóirí CMGS do scéim 2018, agus chuaigh ceathrar acu ar aghaidh go dtí an dara babhta de mheasúnú IRC.



Myron Schneider, Taighdeoir Iarchéime sa Léann Gearmánach, CMGS

# Gradaim agus Éachtaí

**DUAIS JENNIFER BURKE DON NUÁLAÍOCHT SA TEAGASC AGUS SAN FHOGHLAIM**

Sa bhliain 2018, bhí foireann Teicneolaithe Oideachais an Ionaid um Theagasc agus Foghlaim i gceannas ar aighneacht CMGS do Ghradam Jennifer Burke don Nuálaíocht sa Teagasc agus san Fhoghlaim, i gcomhpháirtíocht leis an Dr Emer Ring agus Cuibhreannas LINC. Ba é 'LINC: An innovative competency-based approach to continuing professional learning' teideal na haighneachta. Bronnadh an gradam ag Comhdháil Bhliantúil Chumann Teicneolaithe Foghlama na hÉireann, EdTech. in IT Cheatharlach ar an 31 Bealtaine 2018



Sa phictiúr ag EdTech 2018: Neil Ryan (Teicneolaí Oideachais, CMGS), an Dr Emer Ring (Ceann Roinn na Luath-Óige agus na hOideolaíochta Machnamhaí) Fintan Breen, Comhordaitheoir Chlár Náisiúnta LINC agus Seona Stapleton (Teicneolaí Oideachais, CMGS)

# Forbairt na hOibre Idirnáisiúnta



**OLLSCOIL NAOMH EOIN, NUA-EABHRAC, SAM, CLÁR 'CUIR AITHNE AR AN DOMHAN' AG CMGS**

Tháinig an chéad chohórt de 65 mac léinn ó Chlár Ollscoil Naomh Eoin (SJU), Cuir Aithne ar an Domhan: Eoraip go CMGS ar an 16 Eanáir 2018 le haghaidh cúrsa cúig seachtaine mar chuid de chlár rothlach 15 seachtaine inar chaith mic léinn SJU cúig seachtaine sa Róimh, i bPáras agus i Luimneach. Ba thionscnamh comhpháirteach idir Institiúid an Léinn Éireannaigh, Institiúid na hÉireann um Léann Caitliceach agus Oifig Idirnáisiúnta Institiúid CMGS rannpháirtíocht CMGS sa chlár seo. Chríochnaigh na mic léinn a gcuid riachtanas cúrsa Naomh Eoin i bhFealsúnacht, Diagacht agus Ealaín & Ailtireacht in CMGS, agus ag an am céanna thum siad iad féin an oiread agus ab fhéidir i gcultúr agus in oidhreacht na hÉireann trí thurais allamuigh, cuairteanna ar shuíomhanna, foghlaim seirbhíse acadúla agus iniúchadh neamhspleách le tacaíocht ó Oifig Idirnáisiúnta CMGS. Faoi Mheán Fómhair 2018, bhí cúig seachtaine caite ag ceithre chohórt mac léinn sa Choláiste mar chuid den tionscnamh idirnáisiúnta tábhachtach seo.



# Forbairt na hOibre Idirnáisiúnta

**FÁILTIÚ AN AMBASADÓRA DO CHOLÁISTE MHUIRE g SMÁL**

Reáchtáil Ambasadóir na hÉireann chuig na Stáit Aontaithe, a Shoilse an tUasal Daniel Mulhall, fáiltiú speisialta in Ambasáid na hÉireann in onóir CMGS ar an 2 Feabhra 2018, le bheith ar siúl ag an am céanna le cruinniú bliantúil Chumann na gColáistí agus na nOllscoileanna Caitliceacha (ACCU) in Washington DC an deireadh seachtaine céanna. Ba dheis mhór í seo do CMGS a rátálacha sástachta mac léinn idirnáisiúnta agus a thairiscintí acadúla a thaispeáint d'ollscoileanna comhalta ACCU ó áiteanna ar fud na Stát Aontaithe, chomh maith le comhpháirtithe ollscoile eile agus príomhoidí ardscoile ó cheantar Washington DC agus níos faide i gcéin.



Sa phictiúr: An tOllamh Eugene Wall, Uachtarán, ag bronnadh cóip shínithe chéadeagráin de Human Chain le Seamus Heaney ar an Ambasadóir, a Shoilse Daniel Mulhall.

**TIONSCNAMH SÁRMHAITHEASA MÚINTEOIRÍ NA BRASAÍLE (CAPES)**

Mar aitheantas ar a sármhaitheas múinteoireachta, chaith grúpa de 29 múinteoir gradamach ón mBrasaíl seachtain in Éirinn i mí na Bealtaine 2018, arna óstáil ag CMGS, mar dhuais a bhronn gníomhaireacht rialtais na Brasaíle, *Coordenação de Aperfeicoamento de Pessoal de Nível Superior* (CAPES). Deis a bhí sa chuairt do na múinteoirí féachaint ar ardchaighdeán na hoiliúna múinteoirí in Éirinn dóibh féin. Cé gurbh é seo an deichiú bliain a reáchtáladh an comórtas, ba é an chéad uair a bronnadh cuairt lasmuigh den Bhrasaíl ar na buaiteoirí.



Sa phictiúr: Múinteoirí Brasaíleacha i dTeach Bhán na Feirme, i bPáirc an Fhionnuisce mar aon lena Soilse Eliana Zugaib, Ambasadóir na Brasaíle, Gerry O'Sullivan, Ceann an Oideachais Idirnáisiúnta, an tÚdarás um Ard-Oideachas, an tOllamh Eugene Wall, Uachtarán CMGS, Holly Cowman, Stiúrthóir na hOifige Idirnáisiúnta, CMGS.

# Comhdhálacha agus Seimineáir

**AN INSTITIÚID UM THAIGHDE BEARTAIS DO CHÚRSAÍ SÓISIALTA AGUS OIDEACHAIS (PRISEM)**

Tionóladh an chomhdháil náisiúnta ar 'Dhul Chun Cinn Seirbhísí Míchumais do Leanaí agus Daoine Óga' in CMGS ar an 1 Nollaig 2017. Léirigh an Chomhdháil comhoibriú idir an Institiúid um Thaighde Beartais do Chúrsaí Sóisialta agus Oideachais ag CMGS (PRISEM) agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus é mar aidhm aici sármhaitheas a chur chun cinn i soláthar seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.

**AN CHÉAD CHOMHDHÁIL UM THAIGHDE OIDEACHAIS OIDÍ FAOI OILIÚINT (STER)**

Bhí an chéad chomhdháil um Thaighde Oideachais Oidí Faoi Oiliúint (STER) ar siúl in CMGS in Aibreán 2018. Ba thionscadal nuálach é STER a roinneann taighde oidí faoi oiliúint ar bhealaí nuálacha agus inrochtana chun leasa phobal an oideachais. Chuir oidí faoi oiliúint sa chlár Máistreachta Gairmiúla san Oideachas póstaeir agus cuir i láthair aonair i láthair bunaithe ar thorthaí a dtaighde tráchtais.

**COMHDHÁIL AR FÉACHAINT AR FHICHE BLIAIN DE DHUL CHUN CINN SAN OIDEACHAS LUATH-ÓIGE, AGUS A IMPLEACHTAÍ MAIDIR LE hOIDEOIRÍ A ULLMHÚ DON AONÚ hAOIS IS FICHE**

Bhí an chomhdháil seo ar siúl in CMGS i mí Aibreáin 2018 agus ba chuid de shraith náisiúnta seimineár í a bhí maoinithe ag an bhFóram Náisiúnta um Fheabhsú an Teagaisc agus na Foghlama san Ardoideachas. I measc na bpríomhchainteoirí ag an ócáid seo bhí Grant Landon, TUSLA; Arlene Forster, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM); Colette Murray, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir (ITB); agus Máire Mhic Mhathúna, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT).

**DÉANANN COMHDHÁIL CMGS AIRCITÍOPA AN BHITHIÚNAIGH A MHIONDEALÚ D'FHONN PEIRSPICTÍOCHT MHALARTACH A CHUR AR FÁIL**

Tionóladh comhdháil dar teideal *Villainous Victims: Redefining the Antihero from a Postmodern Perspective* ag CMGS i mí Aibreáin 2018. Ba iad taighdeoirí dochtúireachta CMGS, Jade Dillon agus Adele Hannon, ó Roinn Theanga agus Litríocht an Bhéarla, a d'eagraigh an chomhdháil.



Sa phictiúr tá Adele Hannon, CMGS, an Dr Matthew Foley, Ollscoil Chathrach Mhanchain agus Jade Dillon, CMGS

# Comhdhálacha agus Seimineáir

**BARÁNTAS**

*Rinneadh oidhreacht lámhscribhinní Luimnigh a phlé ag siompóisiam speisialta darbh ainm Barántas a reáchtáladh i gColáiste Mhuire gan Smál 27 Aibreán 2018. Ba í aidhm Barántas ná aird a dhíriú ar thábhacht na lámhscribhinní mar acmhainn don phobal. Phléigh cainteoirí a bhfuil saineolas acu ar lámhscribhinní na dúiche- Úna Nic Éinrí, Pádraig Ó Cearbhaill agus gnéithe éagsúla d'oidhreacht na lámhscribhinní agus filí agus scríobhaithe ar leith.*



Sa phictiúr ag Barántas/Hear Ye, Hear Ye bhí: (ó chlé, ar chúl) Róisín Ní Ghairbhí agus Stephen Newman, eagraithe na hócáide agus Roinn na Gaeilge in CMGS, Máire Ní Neachtain, Ceannaire Roinn na Gaeilge in CMGS agus (ó chlé, chun tosaigh), Cathal Póirtéir, Léiritheoir Raidió agus iarchathaoirleach Fhéile IMRAM agus daoine léinn, Pádraig Ó Cearbhaill agus Úna Nic Éinrí.

**ALL-IRELAND RESEARCH CONFERENCE ON IMMERSION EDUCATION – IMMERSION EDUCATION: OPPORTUNITIES AND BEST PRACTICES**

Reáchtáladh an chomhdháil idirnáisiúnta seo ag CMgS i mí na Bealtaine 2018 i gcomhar leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta; Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí; Gaeloideachas; Foras na Gaeilge; agus Comhairle na Gaelscolaíochta, agus ba é an Dr TJ Ó Ceallaigh a d'eagraigh. Rinne breis is 200 toscaire ionadaíocht ar aon tír déag ag an ócáid dhá lá seo. I measc na n-eochairchainteoirí bhí: An Dr Karen Ní Chlochasaigh (Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath & an Foras Taighde ar Oideachas), an tOll. Laurent Cammarata (Ollamh Comhlach san Oideachas, Ollscoil Alberta), an tOll. Diane J. Tedick (Ollamh le hOideachas Dara Teanga in Ollscoil Minnesota, SAM) agus an tOll. David Lasagabaster (Ollscoil Thír na mBascach).

**AN 7Ú SCOIL SAMHRAIDH IDIRNÁISIÚNTA UM MHODHANNA TAIGHDE (IRMSS) BEALTAINE 2018**

Bhí an 7ú Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta um Mhodhanna Taighde (IRMSS), 2018 ar siúl in CMGS ón 25 Bealtaine go dtí an 26 Bealtaine 2018. I measc na bpríomhchainteoirí ag IRMSS 2018 bhí an tOll. Jennifer Gore, Stiúrthóir ar an Ionad um Thaighde Múinteoirí agus Teagaisc in Ollscoil Newcastle, an Astráil, agus Príomheagarthóir na hirise idirnáisiúnta Teaching and Teacher Education (TATE); an tOll. Henry Braun, Ollamh Boisi le hOideachas agus Beartas Poiblí agus Taighde Oideachais, Coláiste Bhostúin, SAM; an tOllamh Eugene Wall, Coláiste Mhuire gan Smál; agus an tOll. Marie Parker-Jenkins, Ollscoil Luimnigh. Thug an Dr Miriam Hamilton ó CMgS an Eochairchaint Alumnus. Bhuaigh Brighid Golden ó CMgS Comórtas Tráchtas 3
Nóiméad do thaighdeoirí iarchéime ag IRMSS 2018.



Sa phictiúr ó chlé: An tOll. Jim Deegan, Ceann Scoil Iarchéime CMGS; An tOllamh Eugene Wall, Uachtarán CMgS; An tOll. Henry Braun, Ollamh Boisi le hOideachas agus Beartas Poiblí, Coláiste Bhostúin; an Dr Miriam Hamilton, Léachtóir CMGS; agus an Dr Ger Downes, Scoil Iarchéime CMGS.

**CÉAD CHRUINNIÚ AN TIONSCADAIL UM GHÁINNEÁIL AR DHAOINE AGUS DÚSHAOTHRÚ IN ÉIRINN (HTEPII)**

Reáchtáladh an chéad chruinniú den Tionscadal um Gháinneáil ar Dhaoine agus Dúshaothrú in Éirinn (HTEPII) in CMGS i mí an Mheithimh 2018. Faoi stiúir CMGS, bhí sé mar aidhm ag HTEPII taithí agus saineolas a thabhairt le chéile ó thaighdeoirí agus pearsanra sa Gharda Síochána, Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais na hÉireann, Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann agus Roinn Dlí agus Cirt Thuaisceart Éireann. Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal acmhainní a roinnt chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe den dúshlán sochaíoch a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine agus sclábhaíocht an lae inniu in Éirinn.

Thug an tionscnamh idirnáisiúnta tábhachtach seo deis do CMgS ról lárnach a ghlacadh san iarracht chun dul i ngleic leis an ngáinneáil ar dhaoine. Thug sé deis don Choláiste áit lárnach agus chumhachtach a ghlacadh i dtionscadal domhanda ina raibh ceann de phríomhcholúin mhisin na hinstitiúide, an t-ionchuimsiú sóisialta, chun tosaigh. Ag obair leis an Vatacáin, EUROPOL agus seirbhísí póilíneachta agus ceartais idirnáisiúnta, eagraíochtaí neamhrialtasacha náisiúnta agus idirnáisiúnta, chomh maith le raon páirtithe leasmhara eile, cheap CMGS modhanna agus meicníochtaí taighde agus chun gáinneáil ar dhaoine a chainníochtú agus ábhar oideachais a dhearadh chun cabhrú le sclábhaíocht an lae inniu a chomhrac tríd an "méid atá dofheicthe a dhéanamh infheicthe".



Sa phictiúr: Comhaltaí Bhord Feidhmiúcháin Thionscadal HTEPII: An tOll. Michael Breen, Déan na nDán, CMGS; Bleachtaire Sáirsint an Gharda Síochána Claire McKeon, an tAonad um Imscrúdú agus um Chomhordú ar Gháinneáil ar Dhaoine; Kevin Hyland (OBE), Cathaoirleach agus Coimisinéir Anti-Slavery UK; An tOllamh Eugene Wall, Uachtarán, CMGS; an Bleachtaire Ceannfoirt Aidan McCarthy, an tAonad um Imscrúdú agus um Chomhordú ar Gháinneáil ar Dhaoine; An tOll. Michael Healy, Leas-Uachtarán Comhlach ar Chúrsaí Taighde, CMGS; Carol Murphy, Leas-Stiúrthóir, Ionad um Staidéar ar Gháinneáil ar Dhaoine, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais; Paul Gunning, an tAonad um Gháinneáil ar Dhaoine a Chosc, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an Dr Amy Healy, Comhalta Taighde Iardhochtúireachta, CMGS.

**INSTITIÚID NA hÉIREANN UM STAIDÉAR TRÉADACH AG COMHDHÁIL CMGS DHURLAIS AR 'THODHCHAÍ PHARÓISTE NA hÉIREANN'**

I mí Lúnasa 2018, reáchtáil Institiúid na hÉireann um Staidéar Tréadach in CMGS Dhurlais comhdháil rathúil ar *'Thodhchaí Pharóiste na hÉireann'*. Díríodh sa chomhdháil, ar a raibh ró-éileamh, ar an gcaoi a bhféadfadh paróistí na hÉireann a mbealach a dhéanamh tríd an todhchaí fad is atá líon na cléire ag dul i léig go tapa.



# Rannpháirtíocht Phobail agus Cultúr





**OÍCHE CHULTÚIR AG CMGS**

Ar an 22 Meán Fómhair 2017, chuir CMGS oíche spraíúil siamsaíochta saor in aisce ar fáil mar chuid d'Oíche Chultúir 2017.

**VEX ROBOTIC AGUS DELL EMC**

I mí Dheireadh Fómhair 2017, d'oibrigh an Dr Maeve Liston, Stiúrthóir Fiontair agus um Rannpháirtíocht sa Phobal, le múinteoirí áitiúla, DELL EMC (Corcaigh agus Luimneach) agus Ionad Oideachais Luimnigh chun ceardlanna a fhorbairt chun tacú le múinteoirí agus iad ag déanamh obair thionscadail i Róbataic sa seomra ranga i scoileanna Chorcaí, Luimnigh, an Chláir agus Thiobraid Árann. Ansin, d'fhreastail na múinteoirí ar Chomórtais Róbataice VEX réigiúnacha i Luimneach agus i gCorcaigh in 2018.



Seoladh Chlár Róbataice VEX le CMGS, Dell agus Ionad Oideachais Luimnigh Dé Luain an 2 Deireadh Fómhair 2017

**FÉILE EOLAÍOCHTA THIOBRAID ÁRANN 2017**

Bhí céad Fhéile Eolaíochta Thiobraid Árann faoi stiúir agus eagraithe ag CMGS i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Luimnigh, Durlas agus bhí sí ar siúl le linn Sheachtain na hEolaíochta, 12 – 19 Samhain 2017.



**TRÍD AN LIONSA EAN 2018**

Bhí an Dr Úna Ní Bhroiméil ó Roinn na Staire ina láithreoir ar shraith faisnéise sé chlár a craoladh ar TG4 i mí Eanáir 2018. Fiosraíodh sa tsraith bailiúcháin luatha ghrianghrafadóireachta Éireannacha ón tréimhse 1880-1902.



Sa phictiúr: An Dr Úna Ní Bhroiméil

**FLAME OF HOPE - AN INDIA**

Ar an 2 Eanáir 2018, thaistil naonúr ball de phobal CMGS go dtí an India chun obair dheonach a dhéanamh ag Flame of Hope Home & School do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta intleachtúla agus fhisiciúla acu.



Mic léinn CMGS ag obair go deonach ag Flame of Hope Home & School (ó chlé) Billy Stone, Cian O'Brien, Kerrie Kelly agus Sarah O'Keefe, leis an Oll. Éamonn Conway, Ceann na Diagachta agus an Staidéir Reiligiúnaigh ag CMGS, le cuid de na páistí ann.

**CODERDOJO AG CMGS**

Reáchtáladh seisiúin saor in aisce CoderDojo oícheanta Céadaoin ón 14 Feabhra go dtí an 14 Márta 2018 do pháistí idir 7-12 bhliain d'aois. D'fhreastail breis is 50 Mac Léinn Deonach agus 35 Páiste ar gach seisiún faoi stiúir Claire Carrol, Mac Léinn PhD ag CMGS, i gcomhar le CoderDojo an Iarthair Láir.




**AMHARCLANN CRANN TEILE – IMEACHT TIOMSAITHE AIRGID "WAITING FOR GODOT"**

Ar an 8 Márta 2018, reáchtáil Amharclann Crann Teile imeacht tiomsaithe airgid le léiriú de *'Waiting for Godot'* le hAmharclann an Druid. Ina dhiaidh sin, thug Paul Brady taibhiú acústach thar a bheith speisialta don lucht féachana. I measc na n-aíonna ar an oíche bhí an tAire Patrick O' Donovan TD, Michael Noonan TD, Jan O' Sullivan TD agus an Méara Stephen Keary, chomh maith le roinnt aíonna aitheanta as Luimneach. Bhí an ócáid seo ina hócáid tiomsaithe airgid agus ina deis chun Amharclann Crann Teile a chur chun tosaigh agus dea-scéal athbheochan eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha Luimnigh á insint.



# Rannpháirtíocht Phobail agus Cultúr

**FÉILE FOGHLAMA FADSAOIL LUIMNIGH**

Chuir CMGS clár imeachtaí ar fáil do dhaoine fásta, do mhúinteoirí agus do pháistí mar chuid d'Fhéile Foghlama Fadsaoil Luimnigh ón Luan an 19 Márta go dtí Dé hAoine an 23 Márta 2018.




**BAITSILÉIR NA nDÁN I STAIDÉAR AMHARCLANNAÍOCHTA COMHAIMSEARTHA AGUS FEIDHMEACH**

Chuaigh mic léinn chéad bhliana sa BA i Staidéar Amharclannaíochta Comhaimseartha agus Feidhmeach (CATS) ar stáitse an Belltable i mí Aibreáin 2018 le '4.48 Psychosis' le Sarah Kane, píosa cumhachtach agus tábhachtach den amharclannaíocht chomhaimseartha.



# Spórt 17-18

**Camógaíocht** – Buaiteoirí Sciath Ashbourne



**Peil na mBan** – Craobhiomaitheoirí Shraithchomórtas Shraith 2



# Spórt

**Peil na bhFreisear** –Craobhiomaitheoirí Shraith 2 na Craoibhe

**Peil Shinsearach na bhFear** – Buaiteoirí Chorn Uí Thrinsigh

**Rugbaí na bhFear** – Buaiteoirí Chorn Shraith 2 in 2017



# UIMHREACHA BRONNTA CÉIME 2017

| CÚRSA | LÍON CÉIMITHE |
|---|---|
| Baitsiléir na nDán | 200 |
| Baitsiléir Oideachais | 403 |
| Baitsiléir Oideachais san Oideachas agus sa tSíceolaíocht | 26 |
| Baitsiléir na nDán i gCleachtas Luath-Óige | 17 |
| Baitsiléir na nDán i gCúram agus Oideachas Luath-Óige | 70 |
| BA san Oideachas, sa Staidéar Gnó agus sa Chuntasaíocht | 16 |
| Ba san Oideachas, sa Staidéar Gnó agus sa Staidéar Reiligiúnach | 21 |
| BA san Oideachas, Gaeilge, agus Staidéar Gnó | 15 |
| BA san Oideachas, sa Ghaeilge agus sa Staidéar Reiligiúnach | 9 |
| BA i Staidéar Oideachais, Staidéar Gnó & Staidéar Reiligiúnach 1 | |
| Dioplóma Iarchéime sa Cheannaireacht Chríostaí san Oideachas | 2 |
| Dioplóma Iarchéime san Oideachas Speisialta | 48 |
| Dioplóma Iarchéime sa Cheannaireacht agus sa Bhainistíocht Oideachais | 3 |
| Teastas san Fhoghlaim Ghinearálta agus san Fhorbairt Phearsanta | 5 |
| Dioplóma Céimithe san Oideachas Aosach agus sa Bhreisoideachas | 16 |
| Teastas Iarchéime i Staidéir Uathachais | 21 |
| Dioplóma i Staidéir Oideachais (Leibhéal 7) | 1 |
| Dioplóma i gCúram agus Oideachas Luath-Óige | 1 |
| Máistreacht sna Dána i dTeangeolaíocht Fheidhmeach | 6 |
| Máistreacht sna Dána sa Cheannaireacht Chríostaí san Oideachas | 15 |
| Máistreacht sna Dána sa Stair | 4 |
| Máistreacht sna Dána i Litríocht agus i dTeanga Nua-Aimseartha an Bhéarla | 9 |
| Máistreacht sna Dána i gCleachtas Forbartha Idirnáisiúnta | 2 |
| Máistreacht sna Dána (Taighde agus Tráchtas) | 4 |
| Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas (Múinteoireacht Bhunscoile) | 66 |
| Máistreacht san Oideachas san Oideachas Speisialta | 7 |
| Máistreacht san Oideachas | 15 |
| Máistreacht san Oideachas (Oideachas Aosach & Breisoideachas) | 1 |
| Máistir san Oideachas i dTeicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide sa Bhunoideachas 5 | |
| Máistreacht san Oideachas i gCeannaireacht agus i mBainistíocht Oideachais | 13 |
| Máistreacht san Oideachas i Staidéir Ghairmiúla san Oideachas | 1 |
| Máistreacht san Oideachas i Staidéir Ghairmiúla san Oideachas | 3 |
| Máistreacht sna Dána in Oideachas agus Folláine an Duine Bhreacaosta | 4 |
| Máistreacht san Oideachas san Oideachas Lán-Ghaeilge | 9 |
| Máistreacht sna Dána in Oideachas Ceoil | 7 |
| Máistreacht sna Dána san Oideachas (Taighde agus Tráchtas) | 3 |
| Dochtúireacht san Fhealsúnacht (Oideachas) | 2 |
| Dochtúireacht san Fhealsúnacht (na Dána) | 9 |
| Teastas i gCeannaireacht um Chuimsiú sna Luathbhlianta | 847 |
| IOMLÁN CÉIMITHE: | 1018 |

# Úsáid Fuinnimh

**ÚSÁID FUINNIMH 2017 - 2018**

Le linn 2018, d'ídigh CMGS 8,168 MWh fuinneamh lenar áiríodh:

## 2,294.4 MWh
## leictreachas, 5,529.6
## MWh gás,
## 339.1 MWh ola téimh,
## 4.9 MWh breosla iompair (díosal)

Le linn 2018, bhí méadú beag ar úsáid fuinnimh a bhain le leictreachas agus gás príomhlíonra. Mar sin féin, bhí laghdú 14.3% ar an bhfuinneamh ola théite a úsáideadh ag CMGS Dhurlais. Is beag úsáid fuinnimh a bhain le hiompar. Tá feabhas leanúnach tagtha ar fheidhmíocht fuinnimh, a thomhaistear mar úsáid fuinnimh in aghaidh an mhic léinn chláraithe, .i. tá laghdú leanúnach tagtha ar kWh (fuinneamh leictreach agus teirmeach le chéile) in aghaidh an mhic léinn chláraithe agus shroich sé an leibhéal ab ísle riamh anuraidh de 1,148.2 kWh, nó 326 kg de $CO^2$ a astaítear san atmaisféar mar thoradh ar a n-úsáid fuinnimh.



# Cuntais

| Sliocht ón Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach | Bliain dar Críoch 31-Lún-18 €'000 | Bliain dar Críoch 30-Lún-17 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam | | |
| Táillí Acadúla | 21,039 | 17,682 |
| Deontais Athfhillteacha Stáit | 12,648 | 11,192 |
| Ioncam Eile lena n-áirítear Maoiniú Pinsin Iarchurtha | 9,764 | 9,998 |
| **Ioncam Iomlán** | **43,451** | **38,872** |
| **Amúchadh deontas caipitil stáit** | **1,405** | **1,354** |
| Caiteachas | | |
| Costais Foirne | (22,670) | (19,811) |
| Caiteachas Eile lena n-áirítear Costais Pinsean | (21,227) | (20,245) |
| **Caiteachas Iomlán** | **(43,897)** | **(40,056)** |
| **Ioncam Cuimsitheach Iomlán** | **959** | **170** |

are

Deimhníonn an Coláiste gurbh ionann na táillí agus/nó na costais, a íocadh le baill na nIontaobhaithe agus an Údaráis Rialaithe i gcomhréir leis na treoirlínte ón Roinn Airgeadais, gurbh ionann iad agus €1222.00 don bhliain 2018, agus cuirtear i láthair i dTuarascáil Bhliantúil an Choláiste anseo iad don bhliain 2018.

## NÓTA DO THUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018

**Gealltanais Chaipitil agus Feabhsú Champas an Choláiste**

Tá oibreacha athchóirithe suntasacha curtha i gcrích ag an gColáiste ar An Halla ar champas Luimnigh lena ndéantar limistéar ilúsáide den spás inrochtana seo ina le béim ar áis chuí a sholáthar do ghníomhaíochtaí agus do staidéar amharclannaíochta agus drámaíochta.

Tá Cead Pleanála faighte ag an gColáiste chun Leabharlann/Ionad Acmhainní Foghlama nua a thógáil ar Champas Luimnigh agus tá an tionscadal seo ag fanacht le deimhniú maoinithe.





MIC
MARY IMMACULATE COLLEGE
COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL